Nuacht Feirste

Sinn Féin

Uimhir 42 14ú Samhain Táille 10p

# Tromluí na náisiúntóirí

BEIDH dianscrúdú á dhéanamh ar Comhaontú Hillsborough ag deireadh na seachtaine seo nuair a thiocfas náisiúntóirí as gach cearn den tír i gcionn a chéile i mBéal Feirste. Tá sé mar aidhm ag an comhdháil speisialta seo sa Mhuileann, Sráid Mhic Con Midhe, Dé Domhnaigh 16ú Samhain, iarrachtaí an Chomhaontaithe le *"tromluí"* na náisiúntóirí a mhaolú a mheas.

Agus i láthair ag an chomhdháil seo a thionólfar bliain i ndiaidh síniú an Chomhaontais bheidh teachta parlaimint na sé chontae fiche amháin, Tony Gregory. Dhiúltaigh teachta eile, Peter Barry, cuireadh le bheith páirteach san ócáid.

Agus i measc na n-urraithe don chruinniú, a bhéas faoi chathaoirleacht Bernadette McAlliskey, beidh 44 feisire de chuid Páirtí an Lucht Oibre sa Bhreatain agus roinnt mhaith ceardchumannaithe mór le rá ar nós Seán Redmond, Tom Mitchell agus Nóirín Greene. Tá súil, fosta, go mbeidh an scríbhneoir Deasún Fennell i láthair mar bhreathnadóir.

Beidh urlabhraí Chonradh na Gaeilge sna sé chontae, Séamus Mac Gianna, i láthair ag an chomhdháil le tuairisc a thabhairt ar 'an dul chun cinn' a rinne an cultúr Gaelach ó thuaidh ó síníodh an Comhaontú. Lena chois beidh triúr aoí-chainteoir eile a chuirfeas síos ar tromluí na náisiúntóirí i dtaca le dífhostaíocht agus leatrom fostaíochta, cearta daonna agus ciapadh ó na forsaí míleata.

Beidh faill ag an phobal a ndearcadh féin ar anchomhaontú a chur in iúl agus ta súil ag urlabhraí lucht eagraithe na comhdhála, Fearghus Ó hIr, go gcuirfear aighneachtaí scríofa ós comhair na comhdhala.

Ar seisean:

*"Bhí seans ag gach easbag agus ag gach polaiteoir i mBaile Átha Claith labhairt thar cheann na náisiúntóirí ó thuaidh. Anois beidh an t-áiméar ag náisiúntóirí an tuaiscirt a gcás féin a chur."*

Tosóidh an chomhdháil ar 7.30pm.

## Comharthaí Gaeilge




BEIDH logainmneacha Thír Eoghain le feiceáil feasta i nGaeilge i ndiaidh cinneadh a ghlac Comhairle an Omaigh an tseachtain seo.

Ar mholadh ó Shinn Féin shocair an Chomhairle go mbeadh gach comhartha a bhaineann leis an Charraig Mhór dátheangach feasta.

Socraíodh fosta go rachaí i gcomhar leis an Fheidhmniúchan Tithíochta agus le Roinn an Imshaoil le theacht ar pholasaí maidir le sráidainmneacha agus comharthaí bóthair sa cheantar.

Ach tá feachtas na Breatanaigh agus an RUC i gcoinne ag léanúnt ar aghaidh gan teip. Ar Oíche Samhna thógadar comharthaí Gaeilge anuas a bhí curtha in airde ag Sinn Féin sa Lurgaín i Deireadh Fomhair.

Tógadh anuas na comharthaí ar Sráid na Sean Cille, Sráid Uladh, agus Sráid na Thuaigh. Dúirt comhairleoir áitiúl Shinn Féin Breandán Ó Cuirrín faoin gníomh seo:

*"In ainneoin biogóideacht sheicteach an RUC, leanadh Sinn Féin chomh maith grupaí chultúrtha eile ag cur an Ghaeilge chun cinn. Cuirfear comharthaí nua in aird."*

Sa Iúr chomh maith bhí gearleanúint an RUC ar Ghaeilgeoirí le feiscint go soiléir oíche Sathairn nuair a dhéan an RUC iarracht cur as de Éigse Mhic Chonmara sa bhaile. Dhéanadar gach daoine a bhí ag freastal ar an ocáid sa Lárionad Ealaíne a cheistiú ar feadh cuig noimead ach níor éirigh leo cur as don éigse taitneamhach.

# Feachtas leanúnach

TÁ ráite ag coiste Iarthar Bheal Feirste de Ghlór na nGael go mbeidh gá le feachtas leannúnach sula ngéilleann Roinn an Oideachais ó thuaidh d'éilimh lucht na Gaeilge.

Bhí úrlabhraí an coiste, Pádraig Ó Donnchú, ag caint i ndiaidh cruinnithe idir Gaelgeoirí na cathrach agus an t-Aire Oideachais ag Stormont, Brian Mawhinney. Dúirt sé:

*"Tá áthas orainn sa méid is gurb é seo an chéad uair a bhuail Gaeilgeoirí le haire rialtais ach táimid míshásta le dearcadh na roinne nach bhfuil sé de dhualgas orthu Gaelscoileanna a chur ar fáil nuair a éilitear iad."*

Lean se leis:

*"Is léir go mbeidh orainn tabhairt faoi agóidí leanúnacha má tá le héirí orainn tabhairt ar an roinn tacú leis na Gaelscoileanna.*


*"Creidimid gur teanga bheo í an Ghaeilge sna sé chontae, go n-aithíonn 600,000 duine i mar a dteanga náisiúnta, gur sochaí dátheangach é an Tuaisceart agus go bhfuil sé do cheart ag gach tuismitheoir oideachas Gaeilge a fháil dá chuild páistí."*

De réir roinn an oideachais ní thugtar cunamh do Ghaelscoileanna go dtí *"go gcruthaítear"* go bhfuil éileamh ann don Ghaelscoil. I gcás na scoile Gaelaí i mBéal Feirste ghlac sé trí bliana déag as an roinn aitheantas a thabhairt don scoil.



● PADRAIG O DONNCHU

# A



● JACQUES CHIRAC

## NA hOILEÁIN FILIPÍNEACHA

**THOSAIGH cainteanna arís ar na mallaibh idir na headarnatihe sna hoileáin Fhilipíneacha agus rialtas Corazon Aquino. Tháinig deireadh lena leithéid eile de chainteanna roimhe seo nuair a ghabh arm an rialtais fear de lucht ceannais na h-eadarnatihe Rodolfo Salas.**

I Manilla síltear go n-éireoidh Juan Ponce Enrile as a phost mar Aire Cosanta cionnas go gcreideann seiseann nach gcuideoidh na cainteanna le deireadh a chur leis an chogadh eadarnaíoch atá ag dul ar aghaidh sa tír le seacht mbliana déag.

D'obair Ponce go fonnmahr leis an dheactóir Ferdinand Marcos go dtí go bhfaca sé nárbh *"fhéidir a réim a choinneáil ag dul níos mó."*

## Cumann Rodaí Mhic Chorlaí

Déardaoin

Oíche Cheoil ar son Belfast Exposed

Dé hAoine

Oíche cheoil ar son Roinn an Chultúir



# MÁLA POIST

A Chairde,

Bhí mé ag éisteacht leis an nuacht ar an raidió Dé Sathairn seo caite ar stáisiún Downtown agus suim agam i gcúrsaí na tíre seo agus an domhain mhóir.

*"Anois ag uair an mheán-oíche, seo chugaibh príomh-scéalta agus cinnlínte na nuachta"*, arsa an tuairisceoir.

D'fhan mé i mo thost. Thosaigh an nuacht:

*"Buaileadh Dancing Brave siar go dtí an ceathrú háit i rás mór sna Stáit Aontaithe anocht."*

Dancing Brave, mar dhea. Tá rud éigean mí-cheart leis an domhan, dar liom, nuair a thuileann capall a chailleann rás an phríomháit ar chinnlínte na nuachta.

Cén uair go deireannach a chuala tú ar an nuacht fá dhuine éigean a maraíodh in El Salvador? Agus an bhfuil fhios agat cá mhéad duine atá gan teach in Eirinn?

Tá na stáisiúin chraolacháin ábalta ar smaointí a threorú ar cibé dóigh is mian leo. Más mian leo méid suim a chur i rud éigean ardaitear ar an nuacht é. Muna maith leo sinne a bheith ag cur spéise in ábhar éigean ní chraolann siad aon nuacht fá dtaobh de. Thiocfadh dó gurbh é sin a bhí sa tsiúl ag eagarthóir na nuachta an oíche sin. Nó an gcreideann an t-eagarthóir gur tabhachtaí Dancing Brave na óráid Gerry Adams ag Ard-Fheis Shinn Féin?

**Eoghan Mac Cormaic,**
**An Cheis Fhada.**

# Cúrsaí s

**BHI caint faoi le tamall anuas agus tharla se Deardaoin — tugadh bata is bothar do Ron Atkinson, bainisteoir Man Utd. Duirt cathaoirleach Utd go raibh drochtorthai na foirne le bliain anuas fa' deara an tsocraithe seo. D'aontaigh bainisteoir Aberdeen, Alex Ferguson bheith ina bhainisteoir agus beidh bru mor airsean comortais a bhuachan go mor mor an tsraith Shasanach.**

Anseo in Eirinn tháinig Ciar
Dé Domhnaigh chun imirt in agh
Mhaca sa tsraith náisiúnta. Bh
gan deichniúir den fhoireann
i gcoinne Tír Eoghan san chluiche
níos luaite sa bhliain. Ach fós
igh leo buachaint ar iarracht ch
Mhaca. Bhí Ard Mhaca chun t
leath am agus sa deireadh bh
ortha nár críochnaigh an ch
comhscór, chiall siad le cúilín am


Tá Doire fós ar bharr a réime

# An saol mór

## CALADONIA NUA

TÁ fearg an domhain ar bhunstoc na Caladonia cionn is gur fuaireadh neamhchiontach seacht gcoilíneach de shliocht na Fraince a mharaigh deichniúr de bhunstoc Kanaka na tíre.

Dúirt muintir na Caladonia Nua gur sampla tipiciúl é de cothrom na Fraince cóilíní. Dearthaireacha dá chuid an taoisigh Kanaka Jean-Marie Chibau, beirt de na daoine a maraíodh agus siltear go n-éireoidh an troid in éadan rialtas Jacques Chirac sa fhraince níos deine is níos crua dá bharr.



● RAUL ALFONSIN

## AN AIRGINTÍN

TÁ na heaspaig san Airgintín i ndiaidh ordaithe a thabhairt do na sagairt gan comaoineach a thabhairt do theachtaí parlaiminte a vótáil i leith colscartha ins an pharlaimint i mí Lunasa (muna) bhfuil siad sásta a *"bpeaca"* a admháil go poiblí.

Shocraigh na heaspaig ar seo a dhéanamh le brú a chur ar na seanadóirí atá ag plé an dlí san am i lathair agus ar rialtas Alfonsin. An rud atá á phlé ina iomláine ná leasú ar an bhunreacht a dhéanamh an eaglais agus an stát a scaradh óna chéile.




● CORAZON AQUINO

## SLADMHARGADH

**TÁ sé go hiontach an méid a cheannaíonn dollar na laethe seo. Níos mó artola ag an chaideal peitril. Níos mó earraí sa mhargadh. Níos mó de mhuintir Nicearagua ina gcuid uaigheanna!**

Ins an cúig go leith bliana ó rinneadh uachtarán de Ronald Reagan d'éirigh leis $230 milliún a fháil ón chomhdháil le cuidiú, go hoscailte nó faoi cheilt, lena arm de *contras* atá ag troid in éadan an rialtas a roghnaigh muintir Nicearagua, sin thart fá dollar an duine ó ghach fear bean agus páiste san Stáit Aontaithe.

Agus cad é an toradh a bhí ar an *"dollar an duine"* seo? Ar a laghadh 10,000 de mhuintir Nicearagua marbh. Sin thart fa $23,000 do ghach duine ó Nicearagua a maraíodh. Anois tá seo saor i gcomparáid le Vitneam, áit ar chosnaigh gach Vitneamach marbh $100,000!



● RONALD REAGAN

# ...spóirt

...g Ciarraí aneas ...in aghaidh Ard ...a. Bhí Ciarraí ...eann a d'imirt ...luiche ceannais ... fós féin d'éir-...cht chróga Ard ...nun tosaigh ag ...h bhí mí-adh ...n chluiche ar ...ín amháin. ...céime i rannóga haon de léig shinsear na hEireann. Bhuaigh siad ar Monaghan Utd ar an Domhnach sa Brandywell i nDoire. Tá Doire ar thóir ardú chéime isteach sa phríomh rannóg an bhliain seo chugainn. Bhí Doire chun tosaigh ag leath am agus fuair Alex Kristic an dara chúl dóibh o cúig nóimeád roimh an chríoch. Is iad Shelbourne os comhair foireann Doire ach ní bheadh seo chomh heasca is a bhí an chluiche i gcoinne Muineacháin.

# Taispeántas

**RINNEADH leorghníomh i ndíl chuimhne Sheamais Uí Chonghaile ina gcathair dhúchais le déanaí nuair a osclaíodh taispeántas mar chuimhne air 70 bliain i ndiaidh a mharaithe san Lárionad Ealaine atá faoi choimirce Bhardas Dhún Éidinn, san Alban.**

Scór bliain ó shin cuireadh plaic ar an láthair ba chongaraí don teach ina rugadh é a ghlacfadh leis (dhiúltaigh an ollscoil gurbh leo an láthair ar a raibh an teacht féin glacadh leis) agus sciobadh é in imeacht chúpla lá. Cuireadh cóip de ar ais ar ball le stroighin neartaithe.

Anois agus an Trí-dathach ar foluain lasmuich den Larionad Ealaine tá cúiteamh oifigiúl déanta ag Bardas na Cathrach (atá faoi láthair i gceannas Pháirtí an Lucht Saothar thall – don chéad uair riamh!).

# Fáilte SAM

*LE DEASUN BREATNACH*

**AR réabhlóid ba ea a bunaíodh SAM (Stáit Aontaithe Mheiriceá) agus dá bhrí sin ní haon ábhar iontais dúinn gur fhoilsigh an stát nua go gcuirfeadh sé fáilte roimh dhaoine a bhí ag teitheadh ó thíoráinithe thar lear.**

Fuair Wolfe Tone fáilte roimhe sa tír sin agus an réabhlóidí Sasanach, Tom Paine (a scríobh, *The Rights of Man*).

Ach b'amhlaidh a chuaigh SAM níos faide fós leis an gcreideamh réabhlóideach nua. Mhaigh forógra Meiriceanach na saoirse ní hamháin an ceart a bhí acu ach an dualgas a bhí ar dhaoine éirí amach in éadan aon rialtais a bhí éagórach de réir a chéile, ar ndóigh, tháinig athrú ar réablóideachas Mheiriceá, go háirithe nuair a d'éirigh sé mór agus láidir agus cumhachtach.

Ach níor fhéad an buirgéiseachas deireadh ar fad a chur le tearmann. Is leor, scaití, cipiléireachas, mar a chonaic muid an lá faoi dheireadh, nuair a dúirt breitheamh Meiriceánach nach mbeadh sé sásta duine a chur thar n-ais go dtí *"an ríocht aontaithe"* dá mba sna sé chontae a bhí coir curtha ina leith, coir pholaitiúil.

Ar ndóigh, ní luíonn an scéal seo le ciall ná le réasún ach le polaitíocht amháin, ladar na Breataine a bheith sáite isteach i ndlí SAM... agus failte roimhe, is cosúil.

Is é *Sheltering the Fugitive* le Michael Farrell (Mercier) a spreagann an chaint seo uaim. Scríobhas giota faoi an tseachtain seo caite ach seo a leanas cúiseanna eile len é a cheannacht, a léamh agus a úsáid, sa mbaile agus thar lear, mar lón cogaidh.

Sách tapaidh a d'éirigh Meiriceá *respectable* (measúil), mar i 1799, mar a mheabhraíonn Farrell dúinn (lch. 15), cheadaigh an tUachtarán John Adams dá phóilíní Jonathan Robbins a chur i lámhaibh na Sasanach.

Ar éigean a bhí scéal Robbins ar eolas ag an uachtarán. Meiriceánach a bhí ann agus b'amhlaidh a chuir na Sasanaigh iachall air bheith ina mhairnéalach ina gcabhlach.

Rinne Robbins iarracht faoi éalú ó smacht na Sasanach, is cosúil, le linn sin agus mharaigh sé duine. D'éirigh leis éalú, ceart go leor, agus bhí sé slán go dtí gur chinn an tuachtarán ar é a thabhairt *thar n-ais* do na Sasanaigh.

Nuair a chuala dáil Mheiriceá, Congress, an scéal bhí sé ina raic mhór. Ní deir Farrell céard a tharla, faoi dheireadh thiar, do Robbins bocht, ach dealraíonn sé gur chroc na Sasanaigh é. Tamall ina dhiaidh sin chaill Adams a phost.

Mí na Nollag, 1837, d'éirigh le William Lyon McKenzie agus cairde leis réabhlóid bheag a thosú in aice le Toronto. Mharaigh siad duine agus rinne robáil ar choiste. Ansin theith siad go dtí SAM. Theastaigh ó na Sasanaigh go dtabharfaí thar n-ais iad, len iad a chur ar a dtriaill. Dhiúltaigh gobharnóir Nua Eabhrac sin a dhéanamh. Thógadar a gcloigeann leo.

Faoi dheireadh d'oir sé do SAM agus do Shasana dearmad a dhéanamh faoin éirí amach in éadan na Corónach a bhí déanta ag na Poncáin agus conradh a dhéanamh leo, maidir le eiseachadadh.

*"When the extradition treaty was signed... which made no reference to exemption for political offenders there were protests in Congress,"* a deir Farrell.

*"President John Tyler felt obliged to write to Congress saying that the negotiators had not thought it necessary to include a political exemption clause because the administration 'held it as a fundamental principle of its Constitution and policy that America would never extradite a man because he had done something in a revolution for his liberty, which in the (requesting) country would be a crime."*

Nach mór idir inné agus inniu?

Ba chóir féachaint chuige g go bhfoilseofaí saothar Farrell i SAM agus i gCeanada.


CUMANN NA MEIRLEACH


Bóthar Bhaile Andarsan

OÍCHE CHEOIL

*GACH AOINE*

Fáilte romhaibh uilig


# Crosfhocal 35



**Trasna**

7. Sona sásta, fonn maith (5)
8. Faite ar feadh tamaill (7)
9. Ionsaim, cuisím (7)
10. Áit (5)
11. Adharc ceolmhar (5)
12. Troid, clampar (7)
15. Amhrais (7)
18. Nuacht (5)
19. Scoilt (5)
20. Ag fágáil nó ag dul (7)
21. Dabhtaí (7)
22. Trírinn nó gabhlóg (5)

**Síos**

1. Eagtha, marfá (8)
2. Peinteáil (8)
3. Tírghráthóir a maraíodh 8ú Nollag 1922 (4,9)
4. Náirigh, a mhalairt ó ardaigh (6)
5. Claí nó fál (6)
6. Stopán, sos (6)
13. Dul, san aimsir fhaisteanach (8)
14. Rud éigean a leifeá (8)
15. Nuair a chreideann tú go mbeidh achan rud ceart go leor (6)
16. Fásana sé sa ghairdín (ginideach) (6)
17. Tugtar duit é as ucht táille a íoc (6)

Buaiteoir Crosfhocail 31
Mairéad Ní Loingsigh,
Bealach Commedagh,
Baile Andarsan,
Béal Feirste.

**£5 do buaiteoir**

**Seoltar freagraí chuig;
An tEagarthóir,
*Nuacht Feirste*,
147 Bóthar Andarsan,
Béal Feirste 11.**

**Freagraí Crosfhocal 34**

Trasna: 3. Cneamhan; 7. Casóga; 8. Liosta; 9. Danachta; 10. Ionuna; 11. Breacadh an lae; 15. Gníomh; 19. Coinnéal; 20. Torradh; 21. Seolta; 22. Radharca.

Síos: 1. Casán; 2. Mórálta; 3. Cathú; 4. Ealaigh; 5. Maoin; 6. Altanna; 12. Rannóga; 13. Athchur; 14. Neantóg; 16. Obadh; 17. Miosa; 18. Caite.

**Seoltar litreacha srl chuig *Nuacht Feirste*, 147 Bóthar Andarsan, Béal Feirste 11**